Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Eanáir 2026
(OR. en)

5298/26
ADD 1

CLIMA 19
ENV 31
ENER 12
TRANS 11
IND 22
COMPET 41
MI 30
ECOFIN 30
DELACT 2

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Eanáir 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 52 final - annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 52 final - annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 52 final - annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.1.2026
C(2026) 52 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

# IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla I-II:

'Tábla I-II

**Cuntais chun críche idirbheart cuntasaíochta de bhun Theideal IIA**

| Ainm an chineáil cuntais | Sealbhóir cuntais | Riarthóir Cuntais | Líon na gcuntas den chineál seo | AEA | Astaíochtaí a thugtar i gcuntas / aistrithe a thugtar i gcuntas(1) | AAT | LSTFB (2) | LSÚT (3) | LSB-F |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuntas de Chainníocht Iomlán AEA ESR AE | AE | riarthóir lárnach | 1 | Tá | Níl | Níl | Níl | Níl | Níl |
| Scrioschuntas faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill | AE | riarthóir lárnach | 1 | Tá | Níl | Tá | Níl | Níl | Níl |
| Cuntas de Chainníocht Iomlán AEA Iarscríbhinn II AE | AE | riarthóir lárnach | 1 | Tá | Níl | Níl | Níl | Níl | Níl |
| Cuntas Cúlchiste Sábháilteachta faoi Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Comhroinnt Díchill | AE | riarthóir lárnach | 1 | Tá | Níl | Níl | Níl | Níl | Níl |
| Cuntas Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill | Ballstát | riarthóir lárnach | 1 chuntas le haghaidh gach 10 mbliana comhlíontachta in aghaidh gach Ballstáit | Tá | Níl | Tá | Níl | Níl | Níl |
| Cuntas Comhlíontachta LULUCF AE | AE | riarthóir lárnach | 1 chuntas le haghaidh gach ceann den 2 thréimhse chomhlíontachta | Níl | Tá | Tá | Níl | Níl | Níl |

(1) Is sa chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF amháin atá feidhm ag astaíochtaí a thugtar i gcuntas agus aistrithe a thugtar i gcuntas. Sa dara tréimhse chomhlíontachta LULUCF, tá feidhm ag astaíochtaí agus aistrithe tuairiscithe.

(2) Eisítear LSTFBanna maidir leis an gcéad tréimhse chomhlíontachta.

(3) Eisítear LSÚTanna maidir leis an dara tréimhse chomhlíontachta.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Scrioschuntas LULUCF AE | AE | riarthóir lárnach | 1 chuntas lena gcumhdaítear an 2 thréimhse chomhlíontachta | Níl | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá |
| Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit | Ballstát | riarthóir lárnach/ | 1 chuntas le haghaidh gach ceann den 2 thréimhse chomhlíontachta le haghaidh gach Ballstáit | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá | Tá |
| Cuntas Lárnach LSTFB AE | AE | riarthóir lárnach | 1 chuntas maidir leis an gcéad tréimhse chomhlíontachta | Níl | Níl | Níl | Tá | Níl | Níl |
| Cuntas Lárnach LSÚT AE | AE | riarthóir lárnach | 1 chuntas maidir leis an dara tréimhse chomhlíontachta | Níl | Níl | Níl | Níl | Tá | Níl |
| Cuntas Cúitimh Breise Lárnach le haghaidh na Fionlainne [(4)] | FI | riarthóir lárnach | 1 chuntas maidir leis an gcéad tréimhse chomhlíontachta | Níl | Níl | Níl | Níl | Níl | Tá |

‘

[(4)] Osclaíonn an riarthóir lárnach Cuntas Cúitimh Breise Lárnach le haghaidh na Fionlainne ina mbeidh leithdháileadh breise 5 mhilliún tona de choibhéis CO2 don chéad tréimhse chomhlíontachta LULUCF.

**IARSCRÍBHINN II**

In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122, leasaítear Cuid II mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an pointe 7a seo a leanas:

'7a. Déanfaidh an riarthóir lárnach an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil go poiblí maidir le gach Cuntas Comhlíontachta LULUCF agus déanfaidh sé é a thabhairt cothrom le dáta laistigh de 24 uair an chloig nuair is ábhartha:

(a) faisnéis faoin mBallstát ag a bhfuil an cuntas;

(b) stádas gach Cuntais Comhlíontachta LULUCF i gcomhréir le hAirteagal 9;

(c) na sonraí is ábhartha maidir le LULUCF de bhun Airteagal 59t;

(d) iarmhéid na gCuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit agus na gCuntas Comhlíontachta LULUCF AE de bhun Airteagal 59u;

(e) cainníocht na AATanna i ngach Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit;

(f) cainníocht na AATanna atá incháilithe lena n-aistriú chuig an Cuntas Comhlíontachta maidir le comhroinnt díchill i ngach Cuntas Comhlíontachta LULUCF Ballstáit;

(g) is é seo a leanas an figiúr maidir le stádas comhlíontachta de bhun Airteagal 59ad maidir le gach Cuntas Comhlíontachta LULUCF:

(i) A i gcás comhlíontachta;

(ii) I i gcás neamhchomhlíontachta;

(h) an fhaisnéis maidir le haistrithe AATanna idir na Cuntais Chomhlíontachta LULUCF de bhun Airteagal 59w agus idir na Cuntais Chomhlíontachta LULUCF agus na Cuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill de bhun Airteagail 59k agus 59x;

(i) an fhaisnéis maidir le haistrithe AEAnna de bhun Airteagail 59x agus 59k idir na Cuntais Chomhlíontachta maidir le comhroinnt díchill agus na Cuntais Chomhlíontachta LULUCF;

(j) an fhaisnéis maidir le haistrithe LSTFBanna ón gCuntas Lárnach LSTFB AE chuig na Cuntais Chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit;

(k) an fhaisnéis maidir le haistrithe LSB-Fanna ón gCuntas Cúitimh Breise Lárnach le haghaidh na Fionlainne chuig an gCuntas Comhlíontachta LULUCF le haghaidh na Fionlainne;

(l) an fhaisnéis maidir le haistrithe LSÚTanna ón gCuntas Lárnach LSÚT AE chuig na Cuntais Chomhlíontachta LULUCF Bhallstáit;

(m) an fhaisnéis seo a leanas faoi gach idirbheart a chuirtear i gcrích:

(i) ainm shealbhóir an chuntais agus aitheantas shealbhóir an chuntais de chuid an chuntais aistrithe,

(ii) ainm shealbhóir an chuntais agus aitheantas shealbhóir an chuntais de chuid an chuntais fhála,

(iii) méid na AATanna, AEAnna, LSTFBanna, LSB-Fanna nó LSÚTanna atá i gceist leis an idirbheart,

(iv) cód céannachta an idirbhirt;

(v) an dáta agus an t-am a cuireadh an t-idirbheart i gcrích (Am Lár na hEorpa);

(vi) cineál an idirbhirt.';

(2) cuirtear isteach an pointe 9 seo a leanas:

'9. Ar an gcuid de shuíomh gréasáin Chlárlann an Aontais nach mbeidh inrochtana ach ag sealbhóir an Chuntais Comhlíontachta LULUCF amháin taispeánfaidh Clárlann an Aontais an fhaisnéis seo a leanas, a thabharfar cothrom le dáta i bhfíor-am:

(a) sealúchais reatha mar iarmhéid a eascraíonn as iomlán na n-idirbheart

(b) liosta de na hidirbhearta atá beartaithe arna dtionscnamh ag an sealbhóir cuntais sin, agus mionsonraí maidir le gach idirbheart atá beartaithe:

(i) na heilimintí i bpointe 7a(m);

(ii) an dáta agus an t-am a beartaíodh an t-idirbheart (Am Lár na hEorpa);

(iii) stádas reatha an idirbhirt sin atá beartaithe;

(iv) aon chóid fhreagartha a cuireadh ar ais de thoradh na seiceálacha a rinne Clárlann an Aontais.

(c) liosta na AATanna, AEAnna, LSTFBanna, LSB-Fanna agus LSÚTanna arna bhfáil ag an gcuntas sin mar thoradh ar idirbhearta a cuireadh i gcrích, ina sonraítear na heilimintí i bpointe 7a(m) maidir le gach idirbheart;

(d) liosta AATanna a aistríodh amach as an gcuntas sin mar thoradh ar idirbhearta a cuireadh i gcrích, ina shonraítear na heilimintí i bpointe 7a(m) maidir le gach idirbheart.'